Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Samhain 2022
(OR. en)

18122/13

Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0426 (NLE)

ASILE 61
ISL 17

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an tSocraithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |

**COUNCIL DECISION No …/2014/EU**

**an**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais,**
**an tSocraithe idir**
**an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne**
**maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta**
**san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 74 agus Airteagal 78 (1) agus (2) de, i gcomhar le hAirteagal 218 (5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] go mbeidh an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn sásta deis a thabhairt don Íoslainn, do Lichtinstéin, don Iorua agus don Eilvéis a bheith rannpháirteach i gcáil breathnadóirí. Thairis sin, foráiltear leis an Rialachán sin go ndéanfar socruithe, a shonróidh go háirithe cineál agus méid rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn agus an bealach a dtabharfar faoin rannpháirtíocht sin.

(2) An 27 Eanáir 2012, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Socrú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (an 'Socrú'). Tugadh an idirbheartaíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an Socrú an 28 Meitheamh 2013.

(3) Ba cheart an Socrú a shíniú.

(4) Mar a shonraítear in aithris 21 de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, tá an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach sa Rialachán sin agus tá sé ina cheangal orthu. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh éifeacht a thabhairt d'Airteagal 49 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 trína bheith rannpháirteach sa Chinneadh seo. Dá bhrí sin, tá an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach sa Chinneadh seo.

(5) Mar a shonraítear in aithris 22 de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, níl an Danmhairg rannpháirteach sa Rialachán sin agus níl sé ina cheangal uirthi. Dá bhrí sin, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach sa Chinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (IO L 132, 29.5.2010, lch. 11).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar síniú, thar ceann an Aontais, an Socraithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn a údarú, faoi réir thabhairt i gcrích an tSocraithe sin[1].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Socrú a shíniú, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.